Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

# Glao ar Ionchuir

# Straitéis 2025-2030

Iúil 2024

# Clár

Cúlra ..... 3
Achoimre ó Phlean Straitéiseach 2022-2024 ..... 4
Fís straitéiseach 2022-2024 ..... 4
Misean ..... 4
Spriocanna thar na tréimhse 2022-2024 ..... 4
Príomhéachtaí ó Phlean Straitéiseach 2022-2024 ..... 5
Glao ar Ionchuir ..... 7
Na Chéad Chéimeanna Eile ..... 7
Ceisteanna agus Aiseolas ..... 7
Ceisteanna do Pháirtithe Leasmhara ..... 7
Conas freagra a thabhairt ar an nGlao ar Ionchuir ..... 8

# Cúlra

Is comhlacht reachtúil é an Foras Taighde ar Oideachas ('FTO') faoi choimirce na Roinne Oideachais. Bunaíodh an FTO i 1966 i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. I mí Mheán Fómhair 2015, ainmníodh é mar chomhlacht reachtúil de réir an Achta Oideachais (1998) faoi IR Uimh. 392 (2015). Leagann an reachtaíocht seo amach cuspóir an FTO, mar seo a leanas:

a) Seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais a chuirfidh ar a gcumas a n-oibleagáidí faoi Alt 9 den Acht Oideachais 1988 a chomhlíonadh; agus
b) Taighde neamhspleách a dhéanamh ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, lena n-áirítear taighde oideachais, a bheidh mar bhonn eolais do cheapadh beartais agus d'fheabhsú na gcaighdeán oideachais.

Is féidir obair an FTO a ghrúpáil i roinnt snáitheanna:

- Measúnuithe ar mhórscála a dhéanamh agus a thuairisciú, ar nós PISA, TIMSS, PIRLS agus na Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht an Bhéarla.
- Cur le polasaí agus meastóireacht a bhaineann le mhíbhuntáiste oideachasúil.
- Trialacha caighdeánaithe a fhorbairt agus a sholáthar do scoileanna i bhformáidí páipéir agus ar líne.
- Athbhreithnithe agus meastóireachtaí clár éagsúla a dhéanamh chun tacú leis an Roinn Oideachais, lena n-áirítear an Mheastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an mheastóireacht fadaimseartha ar an gCreat Foghlama Digiteach (CFD).
- Tacaíocht chainníochtúil agus anailíseach a sholáthar don Roinn.
- Taighde neamhspleách a dhéanamh, lena n-áirítear tríd an Irish Journal of Education.

Agus ár bhfeidhmeanna á gcur i bhfeidhm againn, ullmhaímid plean straitéiseach go rialta don eagraíocht, ina leagtar amach sraith ráiteas ar ár dtosaíochtaí agus ár spriocanna atá le seachadadh sa mheántéarma ar mhaithe lenár gcuspóir agus ár misean.

Is é aidhm a bhaineann leis an nGlao ar Ionchuir seo ná tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú faoin éabhlóid a d'fhéadfadh teacht ar ról an FTO sa tréimhse amach romhainn agus na tosaíochtaí straitéiseacha ar cheart a chur san áireamh sa Straitéis atá le teacht uainn.

# Achoimre ar Phlean Straitéiseach 2022-2024

Clúdaíonn Plean Straitéiseach reatha an FTO an tréimhse 2022-2024. Leagann an Plean amach fís, misean agus luachanna na heagraíochta thar na tréimhse agus áirítear leis sraith spriocanna atá le baint amach.

## Fís straitéiseach 2022-2024

Is é fís straitéiseach an FTO ná *sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú*.

## Misean

Tá trí chomhpháirt sa mhisean a chlúdaíonn an tréimhse 2022-2024:

- Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh;
- Measúnuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais; agus
- Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

## Spriocanna thar na tréimhse 2022-2024

Leagadh na spriocanna seo a leanas amach i Straitéis 2022-2024 an FTO:

1. I gcomhar leis an Roinn, struchtúr agus plean acmhainní inmharthana, ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre
2. I gcomhar leis an Roinn, clár oibre an FTO d'fhorbairt agus do chaighdeánú trialacha a neartú d'fhonn staidéir forbartha tástála, a aithnítear le chéile mar ardtosaíocht, a chur i bhfeidhm
3. Freagairt inbhuanaithe agus seasmhach a bhunú ar COVID-19 a ionchorpraíonn monatóireacht leanúnach agus bainistíocht riosca agus polasaí oibre cumaisc fadtéarmach
4. Straitéis TF a bhunú atá dlúthcheangailte le rialachas agus comhlíonadh agus le tosaíochtaí straitéiseacha an FTO
5. Straitéis taighde agus measúnaithe a bhunú a thrasnaíonn measúnuithe ar mhórscála, meastóireachtaí, agus forbairt trialacha agus seirbhísí tástála do ghníomhaíochtaí scoile agus a chuimsíonn snáithe modheolaíochtaí anailíse agus naisc leis an straitéis FGL

6. Straitéis FGL a bhunú a chuimsíonn contanam FGL, a chuireann comhoibriú chun cinn, agus a ionchorpraíonn rannpháirtíocht, coinneáil agus folláine
7. Straitéis chumarsáide a bhunú a thugann tosaíocht don fheasacht agus don teagmháil leis an lucht éisteachta, le grúpaí Gaeilge, RSO agus
8. Éifeachtachtaí breise a bhaint amach maidir le staidéir thaighde agus mheastóireachta a riar
9. Tógáil ar an gComhaontú le OCBÁC agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rialtacht ar úinéireacht foirgneamh na Roinne Tástála d'fhonn feabhsuithe práinneacha a dhéanamh ar bhonneagar fisiceach an FTO
10. Struchtúir rialachais a neartú tuilleadh, le tosaíocht ag airgeadas, riosca agus iniúchadh, rialachas sonraí, agus AD.

## Príomhéachtaí ó Phlean Straitéiseach 2022-2024

Thar na tréimhse 2022-2024 lean an FTO agus an earnáil níos leithne ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin éagsúla a d'eascair ó phaindéim Covid-19 agus an tionchar uaidh ar ár bhfoireann agus ar ár gcumas tabhairt faoi phríomhthionscadail taighde. Le linn na tréimhse sin lean an FTO ag feidhmiú, ag déanamh na hoiriúnuithe agus na socruithe riachtanacha chun a chinntiú go bhféadfaí leanúint lenár gcuid oibre.

Thar na tréimhse sin, d'éirigh linn roinnt príomhthionscadal agus sruthanna oibre a chomhlíonadh:

| | |
|---|---|
| **Measúnuithe ar Mhórscála** | • Foilsíodh roinnt tuarascálacha coimisiúnaithe ar ghnóthachtáil agus éachtaí litearthachta agus uimhearthachta, treochtaí i dteicneolaíochtaí digiteacha, eispéiris daltaí ar an léitheoireacht, agus cuimsiú sóisialta. Tá na tuarascálacha seo ar fáil anseo.<br>• Tuairiscíodh ar PIRLS 2021 agus NAMER 2021<br>• Rinneadh PISA 2022 a riar agus a thuairisciú<br>• Rinneadh TIMSS 2023 a riar agus a thuairisciú |
| **Trialacha caighdeánaithe a fhorbairt agus a sholáthar** | • Rolladh amach córas ordaithe nua ar líne le haghaidh Trialacha Caighdeánaithe<br>• Caighdeánú ar an Post-Primary Assessment & Diagnosis – English (PPAD-E), i gcomhar leis an SNSO<br>• Tús curtha le hathfhorbairt scagthástálacha diagnóiseacha na luathlitearthachta (DTEL) agus na luath-uimhearthachta (DTEN) a athfhorbairt |

| | |
|---|---|
| **Sruthanna oibre taighde eile** | • Creat-mheastóireacht um fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí in Éirinn forbartha<br>• Meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digiteach (CFD) curtha i gcrích<br>• Foilsíodh an Irish Journal of Education – Eagráin 45, 46, 47 (Eagrán speisialta ar thaighde SCoTENS) agus 48<br>• Foilsíodh taighde neamhspleách i raon irisí acadúla.<br>• Reáchtáladh an 10ú Comhdháil Taighde Idirnáisiúnta IEA (Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú ar Ghnóthachtáil Oideachais) 2023 i nDún Laoghaire, Co. Bhaile átha Cliath.<br>• Tacaíocht tugtha don Roinn le hanailís sonraí agus le samhaltú sonraí do chláir ar leith (m.sh. Leithdháileadh MOS)<br>• Rinneadh meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag eascairt *as Polasaí Oideachas Gaeltachta 2017-2022* na Roinne Oideachais (ROS, 2016) |
| **Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha** | • Dul chun cinn déanta maidir le comhlíonadh na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016<br>• Beartais inmheánacha éagsúla athbhreithnithe agus nuashonraithe<br>• Beartais agus pleananna gníomhaíochta éagsúla forbartha chun cloí le straitéisí agus reachtaíocht an Rialtais (m.sh. gníomh ar son na haeráide, an Ghaeilge srl)<br>• Athbhreithniú eagraíochtúil meántéarmach agus plean lucht saothair seachadta. |

# Glao ar Ionchuir

Tá sé mar aidhm ag an nGlao ar Ionchuir seo tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú faoin éabhlóid a d'fhéadfadh teacht ar ról an FTO sa tréimhse amach romhainn agus na tosaíochtaí straitéiseacha ar cheart a chur san áireamh sa Straitéis atá le teacht uainn. Mar shampla, conas a oiriúnófar na hearnálacha oideachais agus taighde do chomhthéacs athraitheach, nó ar aon dul leis seo, conas a d'fhéadfadh treochtaí agus forbairtí suntasacha i réimsí mar ghlacadh digiteach, gnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí, na dúshláin a d'fhéadfadh teacht ó athrú aeráide do na hearnálacha seo agus, níos ginearálta, iompar agus dearcthaí scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí a athrú.

Clúdóidh Straitéis an FTO atá le teacht na cúig bliana ó 2025 go 2030 agus beidh na príomhchodanna seo a leanas inti:

- Ráiteas Misin an FTO
- Ráiteas ar Thosaíochtaí Straitéiseacha an FTO sa tréimhse 2025-2030
- Measúnú ar an gcomhthéacs agus ar an timpeallacht sheachtrach
- Measúnú ar na príomhthreochtaí a bhfuil súil ag an FTO go múnlóidh siad ár ról agus ár gcuid oibre le linn na tréimhse
- Sraith Cuspóirí agus Spriocanna, ina leagtar amach an chaoi a bhfuil súil ag an FTO a Straitéis a chomhlíonadh thar na tréimhse

# Na Chéad Chéimeanna Eile

## Ceisteanna agus Aiseolas

Tabharfaidh an Glao ar Ionchuir seo deis don FTO tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú ar thaighde, ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí an FTO thar na cúig bliana amach romhainn. Úsáidfimid an Glao ar Ionchuir seo chun príomhghnéithe ár Straitéise a mhúnlú, sula bhfoilseofar í go déanach in 2024.
Fáiltítear roimh fhianaise agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara agus spreagtar gach páirtí leasmhar chun freagartha. Sa chuid thíos tá roinnt ceisteanna leagtha amach againn chun cabhrú leat do fhreagra a mhúnlú agus a threorú. Nuair is cuí, tabhair fianaise chun tacú le do thuairim.

### Ceisteanna do Pháirtithe Leasmhara

1. Conas a chuirfeá síos ar ról an FTO i gcóras oideachais na hÉireann?

2. Cad iad na treochtaí is tábhachtaí san earnáil oideachais agus taighde ar cheart don FTO a bhreithniú mar chuid dá phróiseas chun straitéis a chruthú?

3. Cad iad na spriocanna nó cuspóirí is ríthábhachtaí ar cheart don FTO díriú orthu sna 3-5 bliana amach romhainn? Cad iad na spriocanna gearrthéarmacha ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh in 2025?

4. Cad iad príomhláidreachtaí an FTO, dar leat? Cad iad na laigí nó na dúshláin ar gá dúinn aghaidh a thabhairt orthu, dar leat?

5. Cé chomh heolach atá d'eagraíocht ar aschuir agus sonraí taighde an FTO? Cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an FTO a dhéanamh chun úsáid níos leithne ár dtaighde agus ár sonraí a thacú?

6. An mbíonn dúshláin romhat agus tú ag dul i dteagmháil leis an FTO? Conas a d'fhéadfaimis na dúshláin seo a shárú sa tréimhse amach romhainn?

7. An bhfuil aon rud eile a bhaineann, dar leat, le próiseas foirmithe straitéise an FTO?

## Conas freagairt don Ghlao ar Iarratais seo

Is féidir do fhreagra ar an nGlao ar Iarratais seo a chur isteach ar roinnt bealaí:

- **Foirm ar líne -** https://forms.office.com/e/7xnMUZ3QEC
- **Trí ríomhphost**: seol do fhreagra ar ríomhphost chuig john.regan@erc.ie
- **Sa phost**: seol do fhreagra chuig:


Dr John Regan
Foras Taighde ar Oideachas
OCBÁC Campas Choláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9,
D09 AN2F


Fáiltítear roimh fhreagraí scríofa ó pháirtithe leasmhara faoi 5pm **Dé hAoine 30 Lúnasa 2024**.